**RIALACHÁN (AE) 2021/382 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Márta 2021**

**lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláinteachas earraí bia a mhéid a bhaineann le bainistiú ailléirginí bia, le hathdháileadh bia agus le cultúr sábháilteachta bia**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) (c) agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, leagtar síos rialacha ginearálta d'oibreoirí gnólachta bia maidir le sláinteachas earraí bia agus an prionsabal á chur san áireamh gur gá sábháilteacht bia a áirithiú ar fud an bhiashlabhra, agus an táirgeadh príomhúil ina phointe tosaigh. Ní mór d'oibreoirí gnólachta bia, dá bhrí sin, na forálacha ginearálta sláinteachais a leagtar síos in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a chomhlíonadh.

(2) An 30 Deireadh Fómhair 2014, thug an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") a chomhairle eolaíoch maidir le meastóireacht a dhéanamh ar bhianna ailléirgineacha agus comhábhair bia chun críocha lipéadaithe ([2]) cothrom le dáta, rud a léiríonn go meastar go bhfuil ailléirgí bia ann ar fud na hEorpa ag 3 % go 4 % de dhaoine fásta agus de leanaí araon. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, cé go ndéanann ailléirgí bia difear do sciar measartha beag den daonra, go bhféadfaidh frithghníomhú ailléirgeach a bheith tromchúiseach, fiú d'fhéadfadh sé a bheith marfach, agus go bhfuil sé ag éirí níos soiléire go mbíonn laghdú an-suntasach ar chaighdeán na beatha ag daoine a bhfuil ailléirgí nó éadulaingtí bia acu.

(3) I mí Mheán Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius cód cleachtais maidir le bainistiú ailléirginí bia d'oibreoirí gnólachta bia (CXC 80-2020) lena n-áirítear moltaí maidir le maolú ailléirginí bia trí bhíthin cur chuige comhchuibhithe sa bhiashlabhra bunaithe ar cheanglais ghinearálta sláinteachais.

(4) I bhfianaise ghlacadh chaighdeán domhanda CXC 80-2020 agus i bhfianaise ionchais tomhaltóirí agus comhpháirtithe trádála go gcomhlíonann bia a tháirgtear san Aontas an caighdeán domhanda sin ar a laghad, is gá ceanglais a thabhairt isteach lena dtugtar isteach dea-chleachtais sláinteachais chun láithreacht substaintí is cúis le hailléirgí nó éadulaingtí a chosc nó a theorannú, dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, i dtrealamh, i gcóracha iompair agus/nó i gcoimeádáin a úsáidtear chun earraí bia a bhuaint, a iompar nó a stóráil. Ós rud é go bhféadfadh éilliú in earraí bia tarlú ar leibhéal an táirgthe phríomhúil agus ag céimeanna ina dhiaidh sin, ba cheart Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 araon a leasú.

(5) Is príomhghné den tionscnamh Chomhaontú Glas don Eoraip í an Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc" le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, arna glacadh ag an gCoimisiún. Ceann de chuspóirí na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' is ea dramhaíl bhia a laghdú, rud a chuideoidh freisin le geilleagar ciorclach a bhaint amach. Le barrachais bia a athdháileadh i gcomhair thomhaltas an duine, áirithítear úsáid ar luach níos airde d'acmhainní bia inite, go háirithe trí bhíthin deonú bia, i gcás ina bhfuil sé sábháilte é sin a dhéanamh, agus déantar dramhaíl bhia a cosc ag an am céanna.

(6) An 27 Meán Fómhair 2018, ghlac an tÚdarás leis an dara tuairim eolaíoch maidir le cur chuige anailíse guaise i gcás bunaíochtaí beaga miondíola áirithe agus deonacháin bia áirithe ([3]). Deirtear sa tuairim gur dúshláin nua iad deonacháin bia maidir le sábháilteacht bia ar an leibhéal miondíola agus dá bhrí sin moltar ann roinnt ceanglas sláinteachais ginearálta breise. Is gá, dá bhrí sin, ceanglais áirithe a leagan síos chun athdháileadh bia a chur chun cinn agus a éascú agus sábháilteacht na dtomhaltóirí á ráthú ag an am céanna.

([1]) IO L 139, 30.4.2004, lch. 1

([2]) http://www.efsa.europa.eu/sites/default/files/consultation/140523.pdf

([3]) Iris EFSA 2018; 16(11):5432

(7) I mí Mheán Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius athbhreithniú ar a chaighdeán domhanda maidir le *Prionsabail Ghinearálta Sláinteachais Bia* (CXC 1-1969). Leis an CXC 1-1969 athbhreithnithe, tugtar isteach an coincheap "cultúr sábháilteachta bia" mar phrionsabal ginearálta. Cuireann Cultúr Sábháilteachta Bia le sábháilteacht bia trí fheasacht na bhfostaithe i mbunaíochtaí bia a mhéadú agus iompraíocht na bhfostaithe a fheabhsú. Léiríodh tionchar den sórt sin ar shábháilteacht bia i bhfoilseacháin eolaíocha éagsúla.

(8) I bhfianaise an athbhreithnithe ar an gcaighdeán domhanda agus i bhfianaise ionchais tomhaltóirí agus comhpháirtithe trádála go gcomhlíonann bia a tháirgtear san Aontas an caighdeán domhanda sin ar a laghad, is gá ceanglais ghinearálta maidir le cultúr sábháilteachta bia a chur san áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004.

(9) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 mar a leanas:

I gCuid A, Roinn II, cuirtear an pointe seo a leanas, pointe 5a, isteach:

"5a. Trealamh, córacha iompair agus/nó coimeádáin a úsáidtear chun ceann de na substaintí nó de na táirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí a bhaint, a iompar nó a stóráil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, ní úsáidfear iad chun aon bhia nach bhfuil an tsubstaint nó an táirge sin ann a bhaint, a iompar nó a stóráil, ach amháin má tá trealamh, córacha iompair agus/nó coimeádáin glanta agus seiceáil déanta orthu nach bhfuil aon smionagar infheicthe den tsubstaint nó den táirge sin iontu, agus an méid sin ar a laghad."

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an réamhrá:

"RÉAMHRÁ

Tá feidhm ag Caibidlí V, Va, VI, VII, VIII, IX, X, XI, XIa agus XII maidir le gach céim de tháirgeadh, próiseáil agus dáileadh bia. Tá feidhm ag na Caibidlí eile mar seo a leanas:

— Tá feidhm ag Caibidil I maidir le gach áitreabh bia, cé is moite d'áitreabh a bhfuil feidhm ag Caibidil III ina leith;

— Tá feidhm ag Caibidil II maidir leis na seomraí uile ina ndéantar bia a ullmhú, a chóireáil nó a phróiseáil, cé is moite de limistéir itheacháin agus d'áitribh a bhfuil feidhm ag Caibidil III ina leith;

— Tá feidhm ag Caibidil III maidir leis na háitribh sin a liostaítear i gceannteideal na Caibidle sin;

— Tá feidhm ag Caibidil IV maidir leis na modhanna iompair uile;"

(b) Cuirfear an chaibidil seo a leanas, Caibidil Va, isteach i ndiaidh Chaibidil V:

"CAIBIDIL Va

**Athdháileadh bia**

Oibreoirí gnólachtaí bia, féadfaidh siad bia a athdháileadh chun críocha deonacháin bia faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(1) Seiceálfaidh oibreoirí gnólachtaí bia go rialta an ndéanann bia atá faoina gcúram dochar don tsláinte agus an bhfuil sé oiriúnach lena chaitheamh ag an duine i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 (*). Oibreoirí gnólachtaí bia, féadfaidh siad bia a athdháileadh i gcomhréir le pointe (2), más sásúil an tseiceáil a dhéantar:

— le haghaidh bia a gcuirfear dáta "faoinar cheart a úsáid" i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, roimh dhul in éag don dáta sin;

— le haghaidh bia a gcuirtear dáta íosmharthanachta i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagal 2(2)(r) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, go dtí agus tar éis an dáta sin, nó,

— le haghaidh bia nach gceanglaítear dáta íosmharthanachta ina leith i gcomhréir le pointe 1(d) d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, tráth ar bith.

(2) Oibreoirí gnólachtaí bia a láimhseálann bia dá dtagraítear i bpointe 1, déanfaidh siad measúnú an ndéanann bia dochar don tsláinte agus an bhfuil sé oiriúnach lena chaitheamh ag an duine tríd an méid seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh:

— dáta íosmharthanachta nó an dáta "faoinar cheart a úsáid", lena n-áirithítear gur leor an seilfré atá fágtha chun athdháileadh agus úsáid shábháilte an tomhaltóra deiridh a cheadú;

— sláine an phacáistithe, nuair is infheidhme;

— Coinníollacha stórála cuí agus iompair chuí, lena n-áirítear ceanglais teochta is infheidhme;

— dáta an reo i gcomhréir le pointe 2(b) de Roinn IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) nuair is infheidhme;

— na coinníollacha orgánaileipteacha;

— inrianaitheacht a dhearbhú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 931/2011 (***) ón gCoimisiún, i gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch."

(*) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, prionsabail agus ceanglais lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

(***) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 931/2011 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2011 maidir le gceanglais inrianaitheachta a leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le bia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 242, 20.9.2011, lch. 2).

(c) I gCaibidil IX, cuirtear an pointe 9 seo a leanas isteach:

"9 Trealamh, córacha iompair agus/nó coimeádáin a úsáidtear chun ceann de na substaintí nó de na táirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí a phróiseáil, a láimhseáil, a iompar nó a stóráil, nithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, ní úsáidfear iad chun aon bhia nach bhfuil an tsubstaint nó an táirge sin ann a phróiseáil, a láimhseáil, a iompar nó a stóráil, ach amháin má tá trealamh, córacha iompair agus/nó coimeádáin glanta agus seiceáil déanta orthu nach bhfuil aon smionagar infheicthe den tsubstaint nó den táirge sin iontu, agus an méid sin ar a laghad."

(d) Cuirfear an Chaibidil XIa seo a leanas isteach i ndiaidh Chaibidil XI:

"CAIBIDIL XIa

**Cultúr Sábháilteachta Bia**

1. Déanfaidh oibreoirí gnólachtaí bia cultúr iomchuí sábháilteachta bia a bhunú, a choinneáil ar bun agus fianaise a sholáthar ina leith tríd na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

   (a) gealltanas an lucht bainistíochta, i gcomhréir le pointe 2, agus gach fostaí maidir le bia a tháirgeadh agus a dháileadh go sábháilte;

   (b) ceannaireacht i dtreo bia sábháilte a tháirgeadh agus gach fostaí a bheith rannpháirteach i gcleachtais sábháilteachta bia;

   (c) feasacht ar ghuaiseacha sábháilteachta bia agus ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bia agus sláinteachas ag fostaithe uile na gnólachta;

   (d) cumarsáid oscailte shoiléir idir fostaithe uile sa ghnólacht, laistigh de ghníomhaíocht agus idir gníomhaíochtaí leantacha, lena n-áirítear diallais agus ionchais a chur in iúl;

   (e) a dhóthain acmhainní a bheith ar fáil chun láimhseáil shábháilte shláinteach bia a áirithiú.

2. Beidh an méid seo a leanas sa ghealltanas bainistíochta:

   (a) áiritheofar go gcuirtear róil agus na freagrachtaí in iúl go soiléir laistigh de gach gníomhaíocht de chuid na gnólachta bia;

   (b) coinneofar sláine an chórais sláinteachais bia ar bun nuair a bheartófar athruithe agus nuair a chuirfear chun feidhme iad;

   (c) fíorófar go bhfuil rialuithe á ndéanamh go tráthúil agus go héifeachtúil agus go bhfuil doiciméadacht cothrom le dáta;

   (d) Áiritheofar go bhfuil an oiliúint agus an mhaoirseacht iomchuí i bhfeidhm don phearsanra;

   (e) áiritheofar go gcomhlíonfar na ceanglais rialála ábhartha;

   (f) spreagfar feabhas leanúnach chóras bainistithe sábháilteachta bia na gnólachta, agus, i gcás inarb iomchuí, forbairtí san eolaíocht, i dteicneolaíocht agus sna dea-chleachtais á gcur san áireamh.

3. Cuirfear cineál agus méid na gnólachta bia san áireamh agus cultúr sábháilteachta bia á chur chun feidhme."